


*An tAonad um Beartas  
Curaclaim agus Measúnachta,  
An Roinn Oideachais agus  
Scileanna,  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1  
D01 RC96*



*Curriculum and Assessment  
Policy Unit,  
Department of Education and  
Skills  
Marlborough Street  
Dublin 1  
D01 RC96*

## **Maidir le: Soiléiriú ar Chur Chun Feidhme Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum**

Chuig: Príomhoidí, Múinteoirí agus Boird Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta

Tá scoileanna ar an eolas go bhfuil tacaíocht do thabhairt isteach agus chur chun feidhme Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum á gcur i bhfeidhm faoi láthair ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Tagann sé sin le Ciorclán 61/2015 a eisíodh chuig scoileanna i mí na Samhna 2015 (ar fáil ag [www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0061\\_2015\\_ir.pdf](http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0061_2015_ir.pdf)).

Is é SFGM a d’eagraigh seimineáir faisnéise do phríomhoidí. Anuas air sin, d’eagraigh an Roinn cruinniú faisnéise leis na comhpháirtithe oideachais. Leagadh béim ar roinnt údair thábhachtacha inní i dtaca le Dúnadh Scoile sa bhliain acadúil 2015/2016 agus i dtaca le cur chun feidhme an churaclaim theanga nua.

Is san Aguisín a ghabhann leis an litir seo a thugtar soiléiriú ar an dá réimse thábhachtacha sin.

Ós rud é go meastar go n-iarrfar tuilleadh soiléirithe le linn na céime cur chun feidhme, tá sé beartaithe doiciméad “ceisteanna is freagraí” a chur ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Déanfar an doiciméad seo a nuashonrú go rialta de réir mar a leagtar béim ar shaincheisteanna breise. Tiocfaidh grúpa a chumseoidh geallsealbhóirí oideachas bunscoile le chéile le linn an chuir chun feidhme chun béim a leagan ar aon saincheisteanna nó soiléiriú a iarradh le linn an chuir chun feidhme.

Cuirfear an curaclam teanga nua i bhfeidhm sna blianta beaga romhainn. Sa bhliain 2016/17, beifear ag díriú ar an snáithe teanga ó bhéal do ranganna ó ranganna na naíonán go rang a dó. Sa bhliain 2017/18, beifear ag díriú ar na snáitheanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, beifear ag cur gach snáithe den churaclam teanga chun feidhme do dhaltáí i ranganna ó ranganna na naíonán go rang a dó.

Idir seo agus Meán Fómhair 2018, beidh deis ag príomhoidí agus ag múinteoirí an curaclam teanga nua do Bhéarla agus do Ghaeilge a iniúchadh agus plé leis. Is d’aon turas atáthar ag tabhairt na tréimhse ama sin ionas go mbeidh deis ag múinteoirí cleachtadh a fháil ar an gcuraclam nua agus breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr lena chur chun feidhme ina seomra ranga.

Breda Naughton  
Príomhoifigeach  
Feabhra 2016

## AGUISÍN

### 1. Dúnadh Scoile

#### 1.1 Dúnadh Scoile - Foráil sa Chiorclán

Foráiltear an méid seo a leanas le halt 6 de Chiorclán 61/2015:

Forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) chun tacú le príomhoidí agus le múinteoirí an curaclam nua a chur chun feidhme, cuirfear ar fáil í tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).

Ar aon dul leis an gcur chuige cur chun feidhme de réir a chéile, táthar ag beartú tabhairt faoi chreat forbartha gairmiúla leanúnaí trí bliana mar seo a leanas:-

##### *Bliain 1: Samhain 2015 go Meitheamh 2016*

Eolas a chur ar an gcuraclam agus ullmhúchán tosaigh do scoileanna, tús eolais ar theagasc agus foghlaim ina n-úsáidtear na torthaí foghlama agus ullmhú ina leith agus contanaim dul chun cinn an tsnáithe teanga ó bhéal.

Is éard a bheidh i gceist ansin:

- a) seimineár faisnéise leathlae do Phríomhoidí scoile (arna éascú ag SFGM) roimh dhúnadh scoile leathlae le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach inscoile foirne uile ach úsáid a bhaint as tacaí ar líne agus
- b) seimineár lae iomláin amháin ina dhiaidh sin do Phríomhoidí scoile agus do mhúinteoirí amháin eile (arna éascú ag SFGM) roimh dhúnadh scoile leathlae le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach inscoile foirne uile ach úsáid a bhaint as tacaí ar líne.

Cuirfear ionadú ar fáil le haghaidh freastal ar sheimineáir, nuair is gá.

##### *Bliain 2: an Scoilbhliain 2016/17*

Tacaíocht do chur chun feidhme agus do chumasú - Teanga ó Bhéal

Is éard a bheidh i gceist ansin ná dúnadh scoile lae iomláin le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach inscoile foirne uile (arna héascú ag SFGM) i dteannta tacaíocht roghnach leanúnach do scoileanna ó shraith samhlacha forbartha gairmiúla leanúnaí.

##### *Bliain 3: an Scoilbhliain 2017/18*

Tacaíocht do chur chun feidhme agus do chumasú - Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

Is éard a bheidh i gceist ansin ná dúnadh scoile lae iomláin le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach inscoile foirne uile (arna héascú ag SFGM) i dteannta tacaíocht roghnach leanúnach do scoileanna ó shraith samhlacha forbartha gairmiúla leanúnaí.

Ina theannta sin, leanfaidh SFGM ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do scoileanna ar bhonn leanúnach ach sraith samhlacha roghnacha forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil ar féidir le scoileanna agus lena múinteoirí roghnú astu, bunaithe ar a riachtanais agus a gcomhthéacsanna aonair. Áirítear leo sin ceardlanna, samhaltú seomra ranga, cúrsaí samhraidh agus acmhainní agus foilseacháin ar an suíomh Gréasáin.

## 1.2 Dúnadh Scoile - Soiléiriú ar uainiú an dúnta scoile 2015/16

*Cé go gcuirtear na leathlaethanta dá dtagraítear ag a) agus ag b) thuas in alt a chéile chun léiriú a éascú tar éis gach ionchuir ó SFGM, tá rogha ag scoileanna maidir le huainiú an dúnta sa bhliain acadúil seo. Chomh maith leis sin, féadfaidh scoileanna leathlaethanta a chomhcheangal ina ndúnadh scoile lae iomláin chun críche plé foirne uile ach tacaí ar líne a úsáid. Aireofar leis na tacaí ar líne sin seimineár Gréasáin agus ábhair a úsáidfidh SFGM ag na seimineáir.*

*Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh scoileanna a bplé foirne uile chun eolas a chur ar an gcuraclam teanga agus ar na hábhair thacaíochta agus tús a chur lena n-ullmhúcháin tosaigh ach úsáid a bhaint as na tacaí ar líne a chuirfidh SFGM ar fáil.*

## 2. Cur Chun Feidhme

### 2.1 Cur Chun Feidhme - Foráil sa Chiorclán

Foráiltear an méid seo a leanas maidir le cur chun feidhme le halt 5 de Chiorclán 61/2015:

Cuirfear an curaclam nua chun feidhme de réir a chéile ó mhí Mheán Fómhair 2016.

#### **An Scoilbhliain 2016/17**

Beifear ag cur béime ar dtús ar an snáithe Teanga ó Bhéal/Oral Language. Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, tosófar ar an snáithe sin a chur chun feidhme do ranganna ó ranganna na naíonán go rang a dó.

#### **An Scoilbhliain 2017/18**

Ó mhí Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, tosófar ar na snáitheanna um Léitheoireacht/ Reading agus Scribhneoireacht/ Writing a chur chun feidhme do ranganna ó ranganna na naíonán go rang a dó i dteannta an tsnáithe Teanga ó Bhéal/Oral Language.

#### **An Scoilbhliain 2018/19**

Ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, cuirfear na snáitheanna go léir chun feidhme go hiomlán do ranganna ó ranganna na naíonán go rang a dó.

#### **An Scoilbhliain 2019/20**

Ó mhí Mheán Fómhair 2019, tosófar ar Churaclam Teanga na Bunscoile/ an Primary Language Curriculum a chur chun feidhme do ranganna ó rang a trí go rang a sé.

### 2.2 Cur Chun Feidhme - Soiléiriú

Is é aidhm na litreach seo a shoiléiriú go bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis an tagairt do “tosófar ar a chur chun feidhme” do na scoilbhlianta 2016/17 agus 2017/18:

*Tar éis an dúnta scoile lae iomláin le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach inscoile foirne uile (arna héascú ag SFGM), tosóidh scoileanna ar an snáithe Teanga ó Bhéal/Oral Language a chur chun feidhme do ranganna ó rang na naíonán go rang a dó sa bhliain 2016/17. Ar an gcuma chéanna, tosófar ar chur chun feidhme snáitheanna an churaclaim do Léitheoireacht/Reading agus Scribhneoireacht/Writing sa bhliain 2017/18.*

*Is dócha gurb é a bheidh i gceist le cur chun feidhme ná eolas a chur ar bhonn leanúnach ar an gcuraclam teanga agus ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil, mar aon le húsáid tosaigh an churaclaim theanga agus a ábhair thacaíochta.*

*Mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna tosú ar phleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama ach úsáid a bhaint as na torthaí foghlama, na contanaim dhul chun cinn nó as an dá cheann díobh ina dteannta. D'fhéadfadh siad freisin tosú ar na treoracha cleachtaidh a iniúchadh agus iad a chur san áireamh ina bpleanáil le haghaidh teanga ó bhéal.*

*Déanfaidh an plé sin leis an gcuraclam agus lena ábhair thacaíochta eolas don chleachtas teagaisc agus foghlama sna spriocshnáitheanna don Ghaeilge agus don Bhéarla.*

*Cuirfear treoir bhreise ar fáil sa doiciméad ceisteanna is freagraí a bheidh ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie).*